

# ❁ An Lúibín ❁

19 Aibreán 2021

## Ceanada agus gealta ó Éirinn sa 19ú haois

As part of the *Melbourne Irish Studies Seminar Series*, Prof. Jane McGaughey of Concordia University, Canada, gave a talk (via Zoom) on 23 March 2021 about the research she is doing on the Irish in 19th century Canadian lunatic asylums.

Ar an 23 Márta 2021, mar chuid de Sheimineáir Léinn Éireanaigh Melbourne, chualathas caint a thug an tOllamh Jane McGaughey ó Ollscoil Concordia i gCeanada trí Zúm: “These raving maniacs”: Gender, Ethnicity, and the Irish in Canadian Colonial Lunatic Asylums, 1832-1868’.

Tá a lán scríofa ag an Ollamh McGaughey, idir ailt agus leabhair. Orthu sin tá *Ulster’s Men: Protestant Unionist Masculinities and Militarization in the North of Ireland, 1912-1923* (McGill-Queen’s University Press 2012) agus *Violent Loyalties: Manliness, Migration, and the Irish in Canadas, 1798-1841* (monagraf, Liverpool University Press 2020).



An Ghealtlann Chúigeach, Toronto

Tá an-taighde déanta ag staraithe i Sasana, Meiriceá, an Nua-Shéalainn agus an Astráil ar inimircigh ó Éirinn i ngealtlanna sna coilíneachtaí agus in áiteanna eile le linn na Banríona Victoria, ach is beag an taighde a rinneadh i gCeanada. Go háirithe, níl aon grinnstaidéar déanta fós ar an gceangal idir an Drochshaol, Éireannaigh a chur i ngeibheann, agus claontuairimí a bheith ann ar na hÉireannaigh chéanna.

Rinne sí tagairt do chás iomráiteach: in 1852 cuireadh Grace Marks ó Phríosún Kingston go dtí an Ghealtlann Chúigeach in Toronto. Rugadh Marks láimh le Béal Feirste, agus fuarthas ciontach i ndúnmharú Thomas Kinnear agus Nancy Montgomery í. Ní raibh sí ach sé bliana déag d’aois nuair a rinne sí é.

Tháinig méadú an-mhór i lár an 19ú haois ar an líon Éireannach, idir mhná agus fhir, i ngealtlanna ar fud Impireacht na Breataine. Chuir Jane síos ar an taighde is luaithe a rinne sí ar shaol na nÉireannach úd ar tugadh ‘gealta’ orthu idir 1832 agus 1868 i gCeanada Íochtarach agus i gCeanada Uachtarach (Québec agus Ontario anois), fad is a bhí siad i gcoraintín in Grosse Île, sna seideanna fiabhrais feadh Abhainn St Lawrence agus Loch Ontario, nó ina bpobal féin. B’in iad na blianta is mó ar tháinig na hÉireannaigh go Ceanada, ón uair ba mheasa an calar agus an Drochshaol go dtí an uair a ghlac Tiarnas nua Ceanada chuige faire na ngealtlann ón Oifig Choilíneach i Londain. Síleadh go raibh galar agus contúirt ag siúl leis na hÉireannaigh agus go raibh laige ar leith ag baint leis na mná. Tar éis an Drochshaoil síleadh nach raibh na hÉireannach in ann iad féin a chur in oiriúint don saol nua-aoiseach. Bhí treise ag teacht i gCeanada le claonadh chun gealtacht a shamhlú le meon na nÉireannach.

Faoin tréimhse atá i gceist bhí fadhb leighis á déanamh den ghealtacht. Cuireadh roinnt mhaith de na gealta chun príosúin nó fágadh in ospidéal iad; cuireadh cuid eile chun na trí ghealtlann mhóra: Gealtlann Beauport lasmuigh

de Chathair Québec, an Ghealtlann Chúigeach in Toronto, agus Gealtlann Rockwood do Ghealta Coiriúla in Kingston. Is iomaí bean a bhí in Rockwood – searbhóntaí, mná tí, maintínní, baintreacha, iad idir racánach agus chiúin. Bhí a lán acu timpeall daichead bliain d’aois. Chuirfí coirp na ngealt chun coláistí leighis lena ndioscadh. Maítear go mbainfeadh teaghlaigh feidhm as na gealtlanna chun fáil réidh le baill dheacra de na teaghlaigh sin, ach dúirt Jane gur beag fianaise a bhí ann fós.

Bhain Jane tairbhe as taifid iontrála ghealtlann, cáschomhaid, tuarascálacha bliantúla, cásleabhair agus litreacha riaracháin chun fiosrú a dhéanamh ar conas a d’fhág dearcadh áirithe ar na hÉireanaigh a rian ar an gcóir leighis i ngealtlanna agus ar an mbrí inscneach a bhain le breitheanna leighis.

Rud nár luadh sa chaint ach ar fiú cuimhneamh air is ea an Ghaeilge a bheith mar phríomhtheanga ag an chuid is mó de na hÉireannaigh a tháinig i dtír i gCeanada, rud a tharraingíonn ceisteanna eile anuas – ceisteanna a bhaineann le teacht i dtáithí ar shaol nua, le haigine áirithe a chur in iúl. B’fhiú a leithéid a scagadh i dteannta na buartha intinne a bhain le galar agus gorta a fhulaingt.



### **An ghrian thuas agus an ghrian thíos**

*The word ‘grian’ has two meanings: the sun above and a stretch of land. It has been argued that it is the latter meaning that applies in the many Irish placenames that incorporate grian, grianán (a diminutive) and gréine (genitive of grian). See attached podcast.*

Tá eolas againn go léir ar an ngrian in airde - ‘an corpán spéire a thugann teas agus solas sa lá dúinn,’ mar a deir *An Foclóir Beag*<sup>1</sup>.

Fágaimis an ghrian sin mar a bhfuil sí agus tugaimis aird ar ghrian eile – grian a chiallaíonn talamh nó tír. Deir an Dr Breandán Ó Cíobháin, seandálaí agus saineolaí ar an dinnseanchas, gur ‘achar fairsing talún’ atá i gceist. Tá bríonna eile leis freisin. Déarfá grian (tóin) na mara, an locha agus na habhann, agus grian ár n-eolais (an chuid is doimhne dár n-eolas). Is ionann múr thar grian is múr atá leagtha go talamh. Tá gaol ag ‘grian’ le ‘grian’ – gairbhéal nó mionchlocha.

Is iomaí logainm Éireannach a bhfuil grian le fáil iontu: Pailís Ghréine, Cill Ghréine, Cúil Ghréine, Cúl le Gréin, Srúbh Gréine, Cúil na Gréine, Gráig na Gréine, Doire Gréine, Ard na Gréine, Tuairín na Gréine, An Grianán, Grianán Ailigh. Ní é sin an t-iomlán. Áitíonn an Cíobhánach gur grian talún is bun leo go léir.

San fhoclóir deirtear gur focal baininscneach grian na spéire agus gur focal firinscneach grian talún. Sna logainmneacha, áfach, is baininscneach iad an dá ghrian, rud a d’fhéadfadh tú a chur amú agus solas anuas á lorg agat.

Tá agallamh le Breandán Ó Cíobhán ar Raidió na Gaeltachta nasctha leis an ríomhphost seo. Agus b’fhéidir go mbeadh suim ag daoine éigin in alt dá chuid:

<https://www.logainm.ie/Eolas/Data/Brainse/researching-the-placenames-of-co-clare.pdf>

### **Tomás de Norradh: saighdiúir agus Gaeilgeoir**

*Tomás de Norradh, a Kerryman by birth, emigrated to the United States in 1851, fought in the Union Army, and cultivated the Irish language in his new country.*


---

<sup>1</sup> <https://www.teaglann.ie/ga/fb/grian>



I lár an 19ú haois bhí na mílte cainteoir Gaeilge ina gcónaí sna Stáit Aontaithe. Orthu sin bhí an Ciarraíoch Tomás de Norradh, fear a rugadh láimh le Cill Áirne in 1827 agus a bhain na Stáit amach timpeall 1851. Chuaigh sé in Arm an Aontais i dtús an Chogaidh Chathartha. Leonadh é agus scaoileadh leis ón arm in 1865 mar chaptaen. Ba bhinn leis an Ghaeilge agus bhí an-suim aige i gcúrsaí gramadaí. Bhí lámh aige i mbunú an Bowery Irish Language School i Nua-Eabhrac.

Ba iad na Stáit Aontaithe an áit ba mhó a raibh Gaeilge á labhairt agus á saothrú lasmuigh d'Éirinn. Cuimhnímis ar 'An Gaodhal,' iris a foilsíodh ó 1881 faoi choimirce Chumann Carad na Gaeilge i Nua-Eabhrac i nGaeilge agus i mBéarla sular cuireadh an Athbheochan ar siúl in Éirinn. Thug inimircigh lámhscríbhinní anall leo agus cuireadh ranganna ar bun; is iomaí sagart a d'éistfeadh faostin i nGaeilge. Bhí de Norradh orthu siúd a bhí chun tosaigh i gcothú na teanga.



Grover Cleveland  
*Wikimedia Commons*

Thug sé aitheasc i nGaeilge do Grover Cleveland (1837-1908) nuair a insealbhaíodh é siúd mar Uachtarán in 1885 (cé nach dócha go raibh Cleveland in ann focal de a léamh). Dlíodóir agus polaiteoir ab ea Grover Cleveland agus é ina Uachtarán ar na Stáit Aontaithe idir 1885 agus 1889 agus idir 1893 agus 1897. Ba Dhaonlathach coimeádach é agus é i gcoinne tairifí arda agus deontas, agus i coinne cumhacht an Stát Aontaithe a chur i bhfeidhm thar lear. Murab ionann agus a lán eile, shíl sé gur cheart Bundúchasaigh Mheiriceá a chosaint agus a chur chun cinn, ach shíl sé freisin gurbh éigean iad a chomhshamhlú sa phobal mór. Ní raibh a bheatha féin gan chonspóid: rug bean darbh ainm Maria Halpin mac tabhartha dó, rud a tharraing achrann, cé gur aithin sé a mhac ina dhiaidh sin. Bhí ainm an ionracais agus na stuama air i gcúrsaí riaracháin.

Tá an t-aitheasc lán de thagairtí don seal a chaith de Norradh san arm – na canúin ag pléascadh ó na ráthaibh ar na cnocaihbh, bualadh na gcolg agus coiscéim (th)obann gheargach na marcshlua ar faid na ngleannaibh ag séideadh im' chluasaibh'.

Nuair a phós Cleveland bean óg darbh ainm Frances Folsom in 1886 scríobh de Norradh dán in ómós na hócáide. Seo sliocht as.

Go rugais bua go dathúil;-

Arís beidh cúis na gráisc<sup>2</sup>  
Ag soilsiú stair go flaitiúil  
'S ag déanamh dlíthe gnáis;  
Do ghnís<sup>3</sup> ní is uaisle mear  
Do shaorfaidh thú ó bhaol,  
Do thógais chugat féin cailín deas  
Stiúróidh thú led' shaol.

Go raibh sí duit mar sholas slí  
I gcónaí, romhat 's id' dhiaidh,  
Go raibh bhur mac mar a bhfuil tú id' shuí  
Nuair a bheidh sibh aosta liath,  
Go raibh sibh uile sóch gach am,  
Níos sona in aghaidh gach lae,  
Go bhfaighidh bhur namhaid an aimsir throm  
Cé as a thig an ghaoth.



Frances Folsom Cleveland c. 1886  
*Wikimedia Commons*

Féach:

<https://irishamericancivilwar.com/2016/04/03/a-few-spoke-nothing-but-gaelic-in-search-of-the-irish-language-in-the-american-civil-war/>

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

## Dhá dhán le Colin Ryan

### Fuadach

Cén fáth a mbeadh doicheall  
orthu romham  
a dúirt sí leat  
ina seachmall ina haingeal  
ina scáil i ngloine

d'fheoigh an bláth a thóg sí ón vása

<sup>2</sup> An ghramaisc nó an choitiantacht: na 'daonlathaigh' – focal nár cumadh fós.

<sup>3</sup> Do ghnís – rinne tú.

agus tháinig fuaiscneamh sna comharsana  
cupáin ag titim dá lámha  
is uachtanna á stróiceadh

ná fiafraigh díom a dúirt sí  
céard atá romhat  
díothú nó athbhreith  
mar ní fealsamh mé

agus d'fhás an bláth arís  
mar dhúshlán ina méara

### **Aiséirí**

Dúirt sé linn sa teach tábhairne  
go raibh sé tar éis éirí ó mhairbh  
rud nár dhócha ach fós  
sheasamar deoch dó

chuimil sé lámh dá bhéal agus d'imigh  
á rá nár chuimhin leis tada  
ó bhás go beoir  
ach gurbh áil leis treoir a dhéanamh  
i saol ró-sholasmhar

agus boladh ina dhiaidh  
nárbh fhéidir a ghlanadh  
boladh na ngrást  
nó boladh an éaga